

Tuarascáil Bhliantúil 2009



Tuarascáil Bhliantúil 2009

Clár Ábhar

Réamhrá	2
Ráiteas Misin	2
Feidhmeanna na Comhairle	2
Plean Straitéiseach 2006-09	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Baill na Comhairle	4
Coistí na Comhairle	5
Ráiteas an Stiúrthóra	11
Foireann CCÉRO agus Struchtúr Eagraíochta	12
Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2009	13
<i>Ballraíocht na Comhairle agus Eolas Eile</i>	14
<i>Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle</i>	15
<i>Bonn Ghnóthas Leantach na Cuntasaíochta</i>	15
<i>Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais</i>	16
<i>Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta</i>	17
<i>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</i>	18
<i>Clár Comhardaithe</i>	19
<i>Nótaí Maidir leis na Ráitis Airgeadais</i>	20



Réamhra

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse cúraim éigeandála réamhospidéal in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal de bhun Ionstraim Reachtúil Uimh. 109 de 2000, Ordú na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (Bunaíocht), 2000 agus leasaithe ag Ordú Ionstraim Reachtúil Uimh. 575 de 2004 (Leasú) 2004. Déanadh na hOrduithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar atá leasaithe agus daingnithe ag an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007.

Tháinig ann do CCÉRO in ionad na Comhairle Comhairleach Náisiúnta Otharcharr (CCNO), a bhunaigh an tAire Sláinte i mBealtaine 1998.

Ráiteas Misin

Déanann an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal an pobal a chosaint trí shonrú, athbhreithniú agus cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán feabhais maidir le soláthar cúraim éigeandála réamhospidéal do mhuintir na hÉireann.

Feidhmeanna na Comhairle

Is iad príomhfeidhmeanna an CCÉRO ná

- *A chinntiú go dtagann institiúidí oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i gCéad Fhreagairt agus i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála le dea-chleachtas reatha.*
- *A chinntiú go mbaineann Freagróirí agus Cleachtóirí cúraim éigeandála réamhospidéal amach agus go gcoimeádann siad a n-inniúlacht ag an gcaighdeán cuí feidhmíochta.*
- *Urraíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar threoirí dea-chleachtais i gcúram réamh-ospidéal.*
- *Taighde iomchuí a aimsiú, a chur chun cinn agus urraíocht a dhéanamh uirthi le treoir a thabhairt don Chomhairle maidir le cúram réamh-ospidéal in Éirinn.*
- *Caighdeán eile cúraim éigeandála réamh-ospidéal a mholadh de réir mar is cuí.*
- *Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal a bhunú agus a choimeád.*
- *Na soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal sin a thugann faoi na treoirí cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.*

Plean Straitéiseach 2006–2009

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialachas agus cuspóirí tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tugtar sonraí ar na straitéisí sonracha a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Tugann an Plean Straitéiseach treoir agus fócas soiléir agus tá sé ar fáil ar leathanach ár bhfoilseachán, www.phecc.ie

Ráiteas an Cathaoirligh

I nDeireadh Fómhair 2008 mar chuid de Cháinainéis 2009, d'fhógair an Rialtas clár réasúnaithe ar Ghníomhaireachtaí Stáit. Cuimsíonn seo pleananna le Bord na Radharceolaithe, An Bord um Cháilíochtaí Náisiúnta Oibre Sóisialta agus an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO).

Aithnímid go soiléir an dúshlán a bhaineann le réalú an athraithe seo, ach táimid tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go ndéanfaí soláthar don earnáil um cúram éigeandála réamhospidéal ar bhealach cuí a chumasóidh forbairt leantach agus nach gcuirfidh bac ar an dul chun cinn suntasach atá déanta le blianta beaga anuas.



Mr Tom Mooney,
Cathaoirleach

Cuimsíonn feidhmeanna reachtúla CCÉRO

Oideachas agus traenáil

Aithníonn CCÉRO institiúidí a sholáthraíonn cúrsaí agus tugann faomhadh d'ábhar chúrsaí d'oideachas agus traenáil um chúram éigeandála réamhospidéal; agus déanann measúnú tréimhsiúil ar oiriúnacht chomh maith le caighdeán eolais phraicticiúil agus teoiriciúil atá riachtanach do cháilíochtaí i gcúram éigeandála réamhospidéal.

Scrúduithe agus clárúchán

Reachtálann CCÉRO scrúduithe Stáit do dhámhachtain náisiúnta ar leibhéal Teicneora Míochaine Éigeandála, Paraimhíochaineora agus Ardpharaimhíochaineora; déanann measúnú ar chomhionannas oideachais eile ghairmiúil; coimeádann clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamhospidéal.

Feidhmiúlacht chun cleachtadh

Tá CCÉRO freagrach as fiosruithe a dhéanamh ar líomhaintí ar mhí-iompar gairmiúil nó mífheidhmiúlacht (nó an dá rud) le gabháil de chleachtadh cúraim éigeandála réamhospidéal ag daoine atá ainmnithe ar an gclár.

Taighde

Gabhann CCÉRO i mbun taighde ar chúram éigeandála réamhospidéal, ag áireamh teicneolaíochta, oideachais agus traenála atá ag teacht chun cinn, ceapadh curaclam turgnamhach agus luacháil ar chúrsaí atá ann cheana féin agus ar nósanna imeachta measúnachta agus scrúdaithe.

Treoirínte um Chleachtas Cliniciúil

Ullmhaíonn CCÉRO treoirínte um chleachtais chliniciúla thar sé leibhéal sonraithe de chúram éigeandála réamhospidéal. Déanann CCÉRO athbhreithniú agus uasdátú tréimhsiúil ar na treoirínte um chleachtais chliniciúla, ag deimhniú go bhfuil siad feidhmiúil chun cleachtadh, fianaisebhunaithe agus ábhartha do riachtanais othar, cleachtóirí agus seirbhísí.

Caighdeán fheidhmiúlachta

Forbraíonn agus leathann CCÉRO caighdeán fheidhmiúlachta do sholáthróirí seirbhíse le tacaíocht a thabhairt don chleachtas is fearr ag cleachtóirí cúraim éigeandála réamhospidéal.

Faomhadh ar eagraíochtaí

Aithníonn CCÉRO go foirmeálta na soláthróirí seirbhíse sin a ghabhann le n-ais feidhm a thabhairt do na treoirínte um chleachtais chliniciúla agus na caighdeán feidhmíochta.

Déanann CCÉRO seachadadh ar a raon d'fheidhmeanna lena foireann féin agus trí raon leathan de ghairmiúlaigh agus d'eagraíochtaí a thabhairt isteach trí Choistí foirmeálta struchtúrtha (Coiste Creidiúnaithe, Coiste um Chúram Cliniciúil, Grúpaí Comhairleacha Míochaine) agus grúpaí oibre m.sh. Grúpa Oibre Rialála.

Táim buíoch de bhail na Comhairle agus na gCoistí go leanann a dtiomantas agus a ndíograis ag réalú físe an CCÉRO. Thar ceann na Comhairle, gabhaim buíochas leis an Dr Geoff King, Stiúrthóir, le Mr Barry O'Sullivan, Cláraitheoir, agus foireann uile CCÉRO as a gcion tairbhe thar an ngnáth, a gcuid dianoire agus a dtiomantas leantach d'obair CCÉRO.



Mr Tom Mooney, Cathaoirleach

Ballraíocht na Comhairle

Níor tharla aon hathruithe ballraíochta le linn 2009.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2009



Cathaoirleach

Mr Tom Mooney
Comhairleach um Bainistíocht
Chúram Sláinte



Leas-Chathaoirleach

Ms Valerie Small
Altra Cláráithe



Cathaoirleach

Coiste um Chúram Cliniciúil
Mr Frank O'Malley
Paraimhíochaineoir, FSS



Cathaoirleach

Grúpa Comhairliúcháin Míochaine
Mr Cathal O'Donnell
Liachleachtóir



Cathaoirleach

Coiste Creidiúnúcháin
Mr Michael Garry
Comhairleach um Bainistíocht
Chúram Sláinte



Mr Michael Brennan
Ionadaí Poiblí



Mr Michael Dineen
Cathaoirleach, Cumann na
bPearsana Otharcharranna



Mr Conor Egleston
Liachleachtóir



Ms Patricia FitzPatrick
Briogáid Dóiteáin Bhaile
Átha Cliath/Coláiste Ríoga na
Máinlianna in Éirinn



Dr Zelig Gaffney
Liachleachtóir



Ms Karen Healy
Pleanáil Éigeandála,
FSS



Mr Macartan Hughes
Stiúrthóir, Coláiste na Seirbhíse
Náisiúnta Otharcharranna



Ms Mary Mc Clelland
Comhairleoir Sláinte ag an Obair



Mr Frank Mc Clintock
Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta,
Oifig na nOspidéal Náisiúnta



Mr Barry O'Brien
Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta AD,
Oifig na nOspidéal Náisiúnta



Mr Tom Tinnelly
Paraimhíochaineoir, FSS



Mr Gerry Tuohy
Paraimhíochaineoir, FSS



Coistí na Comhairle

Tugann Coistí agus Grúpaí Oibre Seasta na Comhairle cúnamh agus comhairle di maidir le comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

Coiste um Chúram Cliniciúil

Téarmaí tagartha

Plé a dhéanamh ar, agus comhairle a thabhairt, maidir le g(h)néithe feidhmíochta um chúram cliniciúil le plé/atá á bplé ag an nGrúpa Comhairleach Míochaine (MAG), an Coiste agus Comhairle Creidiúnúcháin.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2009

Tháinig Mr Terence Moran ar an gCoiste Cúraim Chliniciúil mar ionadaí Thomhaltóra (Fócas Othair). Tháinig Mr Shay Power in áit Mr Dave Sherwin mar ionadaí ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2009

Mr Frank O'Malley	<i>Cathaoirleach, Ball den Chomhairle</i>
Mr Tom Mooney	<i>Cathaoirleach, Comhairle</i>
Ms Valerie Small	<i>Leas-Chathaoirleach, Comhairle</i>
Mr Cathal O'Donnell	<i>Cathaoirleach, Grúpa Comhairliúcháin Míochaine</i>
Mr Michael Garry	<i>Cathaoirleach, Coiste Creidiúnúcháin</i>
Mr Tom Tinnelly	<i>Paraimhíochaineoir</i>
Mr Michael Dineen	<i>Paraimhíochaineoir</i>
Mr Terence Moran	<i>Ionadaí do Thomhaltóirí (Fócas ar Othair)</i>
Ms Brigid Sinnott	<i>Foras Croí na hÉireann</i>
Ms Mary Mc Clelland	<i>Ball den Chomhairle</i>
Mr Shay Power	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>
Mr Pat Grant	<i>Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna an FSS</i>



Coiste Creidiúnúcháin

Téarmaí tagartha

- *Moltaí a dhéanamh ar aitheantas d'institiúidí traenála d'oideachas agus do thraenáil freagróirí agus cleachtóirí chúram éigeandála réamh-ospidéal*
- *Moltaí a dhéanamh maidir le faomhadh ar ábhar i gcúrsaí oideachais agus traenála a eagraíonn institiúidí aitheanta traenála*
- *Measúnú bliantúil a dhéanamh ar*
 - *Oiriúint an oideachais agus na traenála sa chúram éigeandála réamh-ospidéal a sholáthraíonn institiúid atá aitheanta ag an gComhairle chun na críche sin*
- *Le moltaí a dhéanamh, nach lú ná uair gach trí bliana, ar*
 - *Na caighdeáin eolais phraiticiúil agus theoriciúil is gá do cháilíochtaí i gcúram éigeandála réamh-ospidéal*
- *Moltaí a dhéanamh ar bhunú agus chothabháil scrúduithe NQEMT*
- *Téarmaí Tagartha agus ballraíocht a chuid fo-choistí a bhunú agus a chothabháil*
 - *An Coiste Scrúdaithe Cáilíochta*
 - *Fo-Choiste Achomhairc*
- *Moltaí a dhéanamh ar bhunú agus chothabháil Chlár CCÉRO*
- *Moltaí a dhéanamh ar mheasúnú ar chomhionannas cáilíochtaí i gcúram réamh-ospidéal a fhaightear laistigh agus lasmuigh den stát*
- *Moltaí a dhéanamh ar fhaomhadh soláthróirí seirbhíse chúram éigeandála réamh-ospidéal d'fheidhmiú CPGs.*

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2009

Tháinig Mr Terence Kearney isteach sa Choiste Creidiúnaithe mar ionadaí ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn. Tháinig an Dr Ted Fleming isteach sa Choiste Creidiúnaithe mar Shaineolaí ar oideachas aosach.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2009

Mr Michael Garry	<i>Cathaoirleach</i>	Mr Terence Kearney	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn</i>
Mr Tom Mooney	<i>Cathaoirleach, Comhairle</i>	An tOll Paul Finucane	<i>Oideachas agus Traenáil, Míochaine</i>
Ms Valerie Small	<i>Leas-Chathaoirleach, Comhairle</i>	An Dr David McManus	<i>Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann</i>
Mr Frank O'Malley	<i>Cathaoirleach, Coiste um Chúram Cliniciúil</i>	Mr Stephen McMahon	<i>Cumann Othar na hÉireann</i>
Mr Cathal O'Donnell	<i>Cathaoirleach, Grúpa Comhairliúcháin Míochaine</i>	Ms Sarah Cain	<i>Foras Croi na hÉireann</i>
Mr Gerry Tuohy	<i>Paraimhíochaineoir</i>	Ms Patricia FitzPatrick	<i>Ball den Chomhairle</i>
Mr Michael Dineen	<i>Paraimhíochaineoir</i>	An Dr Ted Fleming	<i>Saineolaí in oideachas aosach</i>
Mr Barry O'Brien	<i>Ionadaí Bainisteoireachta</i>		
Ms Ursula Byrne	<i>Oideachas agus Traenáil, Altranas</i>		
Mr Macartan Hughes	<i>Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna</i>		

Coiste um Chaighdeán na Scrúduithe

Téarmaí tagartha

Dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar an Scrúdú NQEMT agus moltaí a dhéanamh do na Coistí cuí.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochtale linn 2009

Níor tharla aon athruithe sa bhallraíocht le linn 2009.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2009

Mr Brian Power	<i>Cathaoirleach, Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO</i>
An Dr Geoff King	<i>Stiúrthóir CCÉRO</i>
Ms Pauline Dempsey	<i>Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO</i>
Mr Ricky Ellis	<i>Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO</i>
Ms Jacqueline Egan	<i>Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO</i>
Mr Sean Creamer	<i>Scrúdaitheoir CCÉRO</i>
Ms Julie Woods	<i>Scrúdaitheoir CCÉRO</i>
An tOll Gerard Bury	<i>Ollamh le Cleachtadh Ginearálta, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath</i>
Mr Ben Heron	<i>Scrúdaitheoir CCÉRO</i>
Mr Shane Knox	<i>Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna</i>
Mr David Sherwin	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn</i>
Mr Mark Wilson	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>

Coiste na nAchomharc

Téarmaí tagartha

Achomhairc a déanadh go dtí an Stiúrthóir a phlé.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2009

Níor tharla aon athruithe sa bhallraíocht le linn 2009.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2009

Mr Barry O'Brien	<i>Cathaoirleach</i>
Mr Tom Tinnelly	<i>Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle</i>
Mr Gerry Tuohy	<i>Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle</i>
Mr Michael Dineen	<i>Ball Neamhscrúdaitheora den chomhairle</i>

Coiste Iniúcháireachta

Téarmaí tagartha

- *Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le nádúir, méid agus éifeachtacht na gcóras cuntasáíochta agus rialúcháin inmheánaigh.*
- *An fheidhm iniúchta inmheánaigh a chomhlánú, a fheabhsú agus a thacú.*

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2009

Níor tharla aon athruithe sa bhallraíocht le linn 2009.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2009

Mr Con Foley	<i>Cathaoirleach</i>
Mr Dermot Magan	<i>Saineolaí Airgeadais</i>
Mr Barry O'Brien	<i>Ball den Chomhairle</i>
Mr Michael Garry	<i>Ball den Chomhairle</i>
Ms Jacqueline Egan	<i>Ball Foirne den CCÉRO</i>

Grúpa Comhairliúcháin Míochaine

Téarmaí tagartha

Ceisteanna míochaine a phlé mar a chuireann an Chomhairle, na Coistí um Chúram Cliniciúil nó um Chreidiúnúchán nó oifig an CCÉRO chucu iad dóibh, agus tuarascáil a thabhairt don an Chomhairle tríd an gCoiste um Chúram Cliniciúil.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2009

Tháinig an Dr Niamh Collins isteach sa GCM mar Chomhairleoir Míochaine ag déanamh ionadaíochta ar Choláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr/Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath. Tháinig Mr Paul Lambert isteach i GCM mar Oifigeach Forbartha Traenála ag déanamh ionadaíochta ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Tháinig an Dr Seán Walsh isteach i GCM mar Chomhairleach i Míochaine Éigeandála Péidiatraice.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2009

1. Comhairleoir Míochaine – Seirbhís Otharcharranna (cineálach)

Mr Cathal O'Donnell	<i>Cathaoirleach</i>
Mr Mark Doyle	<i>Réigiún Thoir Theas FSS</i>
An tOll Stephen Cusack	<i>Réigiún an Deiscirt FSS</i>
An tUas Conor Egleston	<i>Réigiún an Oir-Thuaiscirt FSS</i>
An Dr John O'Donnell	<i>Réigiún an Iarthair FSS</i>
Mr Richard Lynch	<i>Réigiún Lár Tíre FSS</i>
Mr Fergal Hickey	<i>Réigiún an Iar-Thuaiscirt FSS</i>
An Dr Peter O'Connor	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>
Folamh	<i>Réigiún an Oirthir FSS</i>
An Dr Niamh Collins	<i>Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr/Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath</i>
Mr Paul Lambert	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>



2. Oifigeach Traenála agus Forbartha – Seirbhís Otharchairr (cineálach)

Mr Brendan Whelan	<i>Réigiún Lár Tíre FSS</i>
Mr Declan Lonergan	<i>Réigiún Thoir Theas FSS</i>
Mr Lawrence Kenna	<i>Réigiún Thoir FSS</i>
Folamh	<i>Réigiún Thiar FSS</i>
Mr Paul Lambert	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>

3. Institiúidí Traenála Creidiúnaithe ag an CCÉRO (cineálach)

Mr Macartan Hughes	<i>Stiúrthóir, Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna</i>
Mr Martin O'Reilly	<i>Oifigeach Ceantair, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn</i>

4. Beirt ionadaí ó Sheirbhís Otharchairr Thuaisceart Éireann anológach le (1) & (2)

Mr Paul Meehan	<i>Oifigeach Traenála Réigiúnach, Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann</i>
An Dr David McManus	<i>Stiúrthóir Míochaine, Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann</i>

5. Cathaoirligh na gCoistí Cúram Chliniciúil agus an Choiste Creidiúnúcháin araon (cineálach)

Mr Frank O'Malley	<i>Coiste Cúram Cliniciúil</i>
Mr Michael Garry	<i>Coiste Creidiúnúcháin</i>

6. Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhairle (cineálach)

Mr Tom Mooney	<i>Cathaoirleach</i>
Ms Valerie Small	<i>Leas-Chathaoirleach</i>

7. Duine do gach ceann acu seo a leanas, Lia Míochaine Éigeandála, Cleachtóir Ginearálta, Péidiatraí (ainmniúchán indibhidiúil i láthair na huaire), Ainéistéisí agus Altra Cláraithe nuair nach bhfuil ina bhall cheana féin trí (1) nó (7).

An Dr Zelig Gaffney	<i>Cleachtóir Ginearálta</i>
An tOll Gerard Bury	<i>Cleachtóir Ginearálta</i>
Ms Valerie Small	<i>Altra Cláraithe</i>
Folamh	<i>Ainéistéisí</i>
An Dr Seán Walsh	<i>Comhairleach um Míochaine Éigeandála Péidiatraice</i>



Grúpa Oibre Cóimheasa

Téarmaí tagartha

Moladh a dhéanamh leis an gComhairle maidir leo seo a leanas:

- *Cinneadh a dhéanamh ar fhiúntas an mholta go mbronnfaí Cáilíocht Náisiúnta i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála (Rialaitheoir)*
- *Na comhpháirteanna riachtanacha d'Oiliúint Tosaigh agus d'Forbairt Leanúnach Gairmiúil (ar ghá iad a bheith i gceist i ndruchtú curaclaim) a aithint*
- *Ceisteanna eile maidir le Rialú a bhfuil gá le sainmhíniú agus forbairt orthu agus atá laistigh de shainchúram an CCPRO a aithint agus moladh a dhéanamh don Chomhairle ar conas ab fhearr iad a chur chun cinn.*

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2009

Cuireadh daoine in áit an tOll Gerard Bury, Ollamh le Cleachtas Ginearálta, UCD agus Mr Shane Knox, Oifigeach Traenála agus Forbartha, Coláiste Náisiúnta na Seirbhíse Otharchairr le linn 2009. Tháinig Mr James Walsh, Rialaitheoir, Roinn Theas FSS agus Mr William Carolan, Rialaitheoir, Roinn Thoir FSS isteach sa Ghrúpa Oibre Rialaithe le linn 2009.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2009

Mr Gabriel Glynn	<i>Cathaoirleach</i>
Mr Frank O'Malley	<i>Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil</i>
Mr Brendan Crowley	<i>Rialaitheoir, Réigiún Thoir Theas FSS</i>
Mr James Walsh	<i>Rialaitheoir, Réigiún Theas FSS</i>
Mr William Carolan	<i>Rialaitheoir, Réigiún Thoir FSS</i>
Mr Pat McCreanor	<i>Príomhoifigeach Otharchairr, Réigiún an Oirthir FSS</i>
Mr William Merriman	<i>Oifigeach Cumarsáide, Réigiún Thoir FSS</i>
Mr John Moody	<i>Oifigeach Stáisiúin, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>
Mr Hugh O'Neill	<i>Príomhoifigeach Dóiteáin, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>
Mr Gabe McClean	<i>Seirbhís Otharchairr Thuaisceart Éireann</i>

Ráiteas an Stiúrthóra

Admhaítear go coitianta anois go bhfuil córas dea-fhorbartha agus comhtháite réamhospidéil le Seirbhís Otharcharr fíorghairmiúil ina ghné chriticiúil agus seirbhís géarmhíochaine ospidéil á leasú ó bhonn, d'fhonn teacht éasca a bheith ag an bpobal ar sheirbhísí speisialtóireachta ardchaighdeán.

Sna naoi mbliana ó tháinig ann don CCÉRO, tá mórfhorbairtí tarlaithe in earnáil an chúraim éigeandála réamhospidéil. Tá réalaiocht fócais ilhdisciplínigh CCÉRO, i bhfianaise réimse uile an chúraim éigeandála réamhospidéil (seachas an tSeirbhís Otharcharr amháin) ina mhórgné sa dul chun cinn go dtí seo. Is fiú rianú a dhéanamh ar na daoine aonair agus na grúpaí sin atá ina bhfócas d'obair CCÉRO. Is féidir dhá chatagóir a dhéanamh de seo, mar atá **Cleachtóirí agus Freagróirí**.

Is ann do **beagnach 3000 cleachtóirí chláráithe**, ina measc 179 Ard-Pharaimhíochaineoir, 2260 Paraimhíocanóir agus 445 Teicneoir Míochaine Éigeandála. Díobh seo is ón FSS 40%, agus is ó sholáthróirí eile seirbhíse, ina measc seirbhísí dóiteáin, seirbhísí príobháideacha otharcharr, eagraíochtaí cúnta agus deonacha an 60% eile.

Is ann do **thrí leibhéal freagróra**: Céadfhreagróir Cairdiach (CFC), Céadfhreagróir Garchabhair ag an Obair (GO) Éigeandála (CFÉ) dá leagann an CCÉRO síos caighdeán agus a dtugann faomhadh do chúrsaí, (ag teacht le caighdeán an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus FETAC i gcás GO).

Príomhgrúpaí freagróirí, ina measc eagraíochtaí cúnta (m.sh. Cosaint Shíbhialta, Garda an Chósta) deonacha (m.sh. Ord Malta, Briogáid Otharcharr N. Eoin, Cumann Croise Deirge na hÉireann) eagraíochtaí pobail (m.sh. Foras Croí na hÉireann) agus pearsanra faoi shainéide (m.sh. Seirbhísí Dóiteáin, Gardaí, Fórsaí Cosanta) ag a bhfuil ról rithábachtach i soláthar cúraim éigeandála réamhospidéil go náisiúnta.

Tá Tuarascáil 2008 an Choimisiúin um Shábháilteacht Othar agus Deimnithe Cáilíochta ina thiománaí criticiúil don chóras sláinte trí chéile agus tá sainbharthach aici d'obair leantach CCÉRO. Cuireann an tuarascáil béim ar phríomhréimsí mar an gá atá le caighdeán náisiúnta fianaisebhunaithe, tábhacht faisnéise cothrom le dáta agus an t-éileamh ar rannpháirtíocht ghníomhach in iniúchadh cliniciúil. Tá siad seo ar fad ina réimsí ina bhfuil CCÉRO ag obair cheana féin agus gur gá dóibh fócas leantach agus béime a sholáthar le héifeacht.

Tig le seirbhís fíor-chomhtháite bunaithe ar chleachtas fianaisebhunaithe agus caighdeánú ar phróisis an tseirbhís sláinte a chumasú le húsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil di ar bhealach comhcheangailte agus éifeachtach. Tá sé rithábachtach nach gcaillfí an fócas ar an raon iomlán de sholáthróirí seirbhíse cúraim éigeandála réamhospidéil (ó shaoránach go cleachtóirí ardcháilíochta míochaine) in athstruchtúrú CCÉRO agus a chuid oibre.

I gcomhthéacs cinnidh an Rialtais go ndéanfaí CCÉRO a chomhchuisiú sa Chomhairle Gairmiúil um Shláinte agus Cúram Sóisialta (CGSCS), táimid lántiomanta d'oibriú leis an Roinn Sláinte agus Leanaí (RSL), am CGSCS agus Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) le deimhin a dhéanamh d'fhorbairt leantach na hearnála cúraim éigeandála réamhospidéil, chomh maith le réalú éifeachtach ar pholasaí an Rialtais.

Gabhaimse, in éineacht le foireann an CCÉRO, buíochas leis an gComhairle as a gcuid fuinnimh, sainscile agus tiomantais i gcaitheamh na bliana. Tá a lán bainte amach in 2009 i gcomhpháirt le foireann an CCPRO.

Thar ceann na Comhairle, ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl don Roinn Sláinte agus Leanaí as a dtacaíocht agus a gcistíocht, agus dár gcomhpháirtithe indibhidiúla agus eagraíochta sna hearnála cúnta reachtúla, príobháideacha, deonacha agus pobail a thugann tacaíocht, trína gcomhoibriú leantach, dár n-iarachtaí an pobal a chosaint trí fhorbairt agus fheabhsú cúraim éigeandála réamhospidéil.



Dr Geoff King,
Stiúrthóir

Dr Geoff King, Stiúrthóir

PHECC Team

Anne Keogh

Barry O'Sullivan

Bernadette Downey

Brian Power

Claire Finn

Deirdre Borland

Dr Geoff King

Jacqueline Egan

John Lally

Liz Dempsey

Margaret Bracken

Marian Spence

Marie Ní Mhurchú

Pauline Dempsey

Ricky Ellis

Sylvia O'Mahony

Oifigeach Tacaíochta Clárúcháin & Fáilte

Leas-Stiúrthóir & Cláraitheoir

Oifigeach Tacaíochta Airgeadais & TEC

Oifigeach Forbartha Chlár

Oifigeach Clárúcháin

Oifigeach Tacaíochta Forbartha Chlár

Stiúrthóir

Oifigeach Forbartha Chlár

Oifigeach TEC

Oifigeach Scrúduithe

Oifigeach Tacaíochta Scrúduithe & Fáilte

Oifigeach Creidiúnaithe & Rúnaí na Comhairle


Bainisteoir Seirbhísí Cliant

Oifigeach Forbartha Chlár

Oifigeach Forbartha Chlár

Oifigeach Airgeadais & Riaracháin

Struchtúr na hEagraíochta – Nollaig 2009



An Chomhairle
Um Chúram Éigeandála
Réamh-Ospidéal



Tuarascáil Bhliantúil 2009

Ráitis Airgeadais don
Bhliain Dar Críoch, 31ú Nollaig 2009



Ráitis Airgeadais

Ballraíocht na Comhairle agus Eolas Eile

Baill na Comhairle

Cathaoirleach

Mr Tom Mooney

Stiúrthóir

Dr Geoff King

Leaschathaoirleach

Ms Valerie Small

Baincéirí

AIB

Mr Frank O'Malley

An tSráid Mhór

Dr Cathal O'Donnell

Nás na Rí

Mr Michael Garry

Co Chill Dara

Mr Michael Brennan

Seoladh Gnó

Teach Mhóta na Mainistreach

Mr Michael Dineen

Sráid na Mainistreach

Dr Conor Egleston

Nás na Rí

Ms Patricia FitzPatrick

Co Chill Dara

Dr Zelig Gaffney

Ms Karen Healy

Iniúcháir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Mr Macartan Hughes

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Ms Mary Mc Clelland

Baile Átha Cliath 2

Mr Frank Mc Clintock

Mr Barry O'Brien

Mr Tom Tinnelly

Mr Gerry Tuohy

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle

Éilíonn Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 ar an gComhairle ráitis airgidis, a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann fíorléiriú cothrom ar chúraimí na Comhairle agus ar a hioncaim agus a caiteachas don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar an gComhairle:

- *polasaithe oiriúnacha cuntais a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasamhach*
- *breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar*
- *cloí leis na Caighdeáin ábhartha Cuntais a roghnú, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais*
- *ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a thiomhdaí go leanfar le feidhmiú na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal.*

Tá freagracht ar an gComhairle cuntais chearta cuntais a roghnú, a nochtann staid airgeadais na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá freagracht uirthi freisin maidir le cosaint shóchmhainní na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le cosc agus le brath calaoise agus mírialtachtaí eile.

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

24ú Meitheamh 2009

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais

Aithnímid, thar ceann na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO), ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais.

Tá freagracht ar an CCÉRO tríd an Stiúrthóir as monatóireacht a dhéanamh ar rialú inmheánach agus dearbhuithe a sholáthar don Chomhairle.

Tá córas rialaithe inmheánach deartha chun laghdú seachas díothú riosca. Ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go stophtar dearmaid nó mírialtachtaí ábhartha nó go n aimseofaí iad ar bhealach tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá curtha ann ag an CCÉRO chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar:


- I. *Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an CCÉRO le línte dearfa cuntasachta, freagrachta agus tuarascála.*
- II. *Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais sa CCÉRO doiciméadaithe i mapáí próisis sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC).*
- III. *Tá nósanna imeachta bunaithe ag an CCÉRO maidir le leithscaradh dualgas agus údarú caiteachais.*
- IV. *Oibríonn an CCÉRO Córas Airgeadais TAS agus SAGE chun éascú a dhéanamh ar chleachtas cuntasaiochta airgeadais agus mionrian iniúchta a sholáthar ar gach idirbheart.*
- V. *Déantar monatóireacht ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht mhíosúil i gcomparáid leis an bplean gnó. Cuirtear na tuairiscí faoi bhráid an Stiúrthóra chun meastóireachta agus gníomhaíochta iomchuí.*
- VI. *Ullmhaítear tuairisc mhíosúil ar an staid airgeadais don Roinn Sláinte agus Leanaí agus cuirtear faoi bhráid na Roinne í.*
- VII. *Tá Coiste Iniúcháireachta ann agus tháinig sé le chéile trí huairé i rith na bliana. Thug an coiste seo tuarascáil don Chomhairle don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 i bhFeabhra 2010.*
- VIII. *Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánach a eolasú le tuairisc an Choiste Iniúcháireachta, le hobair an Iniúcháir Inmheánaigh, na mBainisteoirí Feidhmiúcháin inár gComhairle a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt agus cothabháil na frámaíochta rialaithe airgeadais, agus le moltaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le linn iniúchta nó ina litreacha bainistíochta agus an Fhrámaíocht Riosca agus an Clár Riosca araon.*
- IX. *Coimeádtar Baill na Comhairle ar an eolas maidir le ceisteanna airgeadais, rialaithe agus rialachais ghinearálta chorparáideacha trí chruinnithe na Comhairle a bhíonn ar siúl ar bhonn rialta.*

Rinne gnólacht seachtrach Cuntasóirí athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh i rith 2009, rinne an Coiste Iniúcháireachta agus an Chomhairle athbhreithniú agus faomhadh ar an gcleachtas seo.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais do 2009.



Cathaoirleach



Stiúrthóir

24 Meitheamh 2010

Réamhra

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 109 de 2000, Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 agus leasaíodh í le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 trí Ordú (Leasú) 2004. Déanadh na hOrduithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar a leasaíodh agus faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

Bonn Cuntasaíochta Ghnóthais Leantaigh

D'fhógair an Rialtas i mBuiséad Deireadh Fómhair 2008, go raibh sé i gceist aige an Chomhairle a chomhchuísiú i gComhairle na nGairmiúlach um Chúram Sláinte agus Sóisialta. Éileoidh a leithéid d'athrú leasú reachtúil, agus idir an dá linn níl aon bheart ann le leasú a dhéanamh ar fheidhmeanna na Comhairle agus tá sé réasúnta a cheapadh go leanfar dá gníomhaíochtaí reatha. Ní dóigh leis an gComhairle gur gá aon choigeartú ar na ráitis airgeadais leis an gcomhchuísiú atá molta a léiriú agus tá na ráitis airgeadais ullmhaithe aici dá bhrí sin ar bhonn gnóthais leantaigh.

Is iad príomhfheidhmeanna na Comhairle ná

- *A chinntiú go dtagann Institiúidí Oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann.*
- *A chinntiú go mbaineann soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ar an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta.*
- *Treoirínte cleachtais chliniciúil a ullmhú do chúram éigeandála réamh-ospidéal.*
- *Taighde iomchuí a aimsiú agus a urrú chun treoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram réamh-ospidéal a fhorbairt.*
- *Caighdeáin oibríochta a ullmhú do sholáthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal chun tacú leis an gcleachtas is fearr.*
- *Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal a bhunú agus a choimeád.*
- *Na soláthróirí cúraim éigeandála Réamh-Ospidéal sin a thugann faoi na treoirínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.*

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

(1) Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo, ach mar atá léirithe thíos.

(2) Ioncam agus Caiteachas

Déileáiltear leis an leithdháileadh neamhchaipítíl ón Roinn Sláinte agus Leanaí tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear aon chuid den leithdháileadh seo a chuirtear i bhfeidhm chun críche caipítíl agus a gcuirtear le sócmhainní seasta dá bharr chuig an gCuntas Ciste Caipítíl; Tugtar cuntas ar ioncam eile ar bhonn fáltas.

Nuair a úsáitear cuid den leithdháileadh neamhchaipítíl chun cistiú a dhéanamh ar thionscadail, a fhaigheann leithdháilte caipítíl freisin, tógtar an chuid a bhaineann le cistiú neamhchaipítíl chuig an gCuntas Ioncaim Caipítíl agus Caiteachais.

Níl Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipítíl á chur i láthair mar níorbh ann d'aon chaiteachas caipítíl ar thionscadal ná aon leithdháilte gaolmhar ón Roinn Sláinte agus Leanaí i mbliana ná sa bhliain roimhe seo.

(3) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Gearrtar dímhéas bliana iomlán sa bhliain ceannaithe. Luaitear gach Sócmhainn Sheasta a fhaightear, is cuma cad is foinse don chistiúchán ar chostas lúide dímhéas. Ní ghearrtar dímhéas, atá comhoiriúnaithe ag amúchadh coibhéise den Chuntas Ciste Caipítíl, ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Gearrtar dímhéas ar na rátaí bliantúla seo a leanas:-

<i>Trealamh TFC</i>	<i>33.3% de réir méid chothroim.</i>
<i>Trealamh Eile</i>	<i>20.0% de réir méid chothroim.</i>

(4) Cuntas Ciste Caipítíl

Déileáiltear le leithdháilte caipítíl ón Roinn Sláinte agus Leanaí sa Chuntas Ioncaim Caipítíl agus Caiteachais. Is ionann comhardú ar an gcuntas seo agus bharrachas/easnamh ar chistiú do thionscadail a sholáthraíonn an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiúchán caipítíl dóibh.

(5) Aoisliúntas

Ar ordú ón Aire Sláinte agus Leanaí, níl aon soláthar déanta maidir leis na sochair atá iníoctha faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil toisc go ndéanann an tAire Sláinte agus Leanaí frithghealladh ar an dliteanas. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar bhail den scéim iad chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. Íoctar an tobhach pinsin leis an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Cuireadh na ráitis airgeadais seo, ar chuid den tuarascáil bhliantúil iad, faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus tá siad ar feitheamh le deimhniú.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Ioncam	Nótaí	2009	2008
		€	€
Leithdháileadh an Roinn Sláinte agus Leanaí		3,281,000	3,437,937
Ioncam Eile	4	519,491	428,888
		3,800,491	3,866,825
Aistriú go Cuntas Ciste Caipitil chun cistiú a dhéanamh ar Shócmhainní Seasta	18	(18,330)	(53,052)
		3,782,161	3,813,773
Caiteachas			
Costais Fostaithe	3	954,782	963,792
Costais a Bhaineann leis an bhFoireann	5	95,515	118,296
Costais Chóiríochta agus Forais	6	147,446	196,437
Earcú agus Meáin	7	8,305	28,198
Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta	8	64,507	25,236
Scrúduithe agus Costais Eile Gaolmhara	9	170,847	153,008
Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta	10	240,097	166,373
Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	11	113,207	44,722
Costais na Comhairle/an Choiste	12	69,083	100,503
EMS T agus F, Tionscadail Speisialta, Deontais	13	1,803,474	1,901,972
Clárchostais	14	92,570	113,485
		3,759,834	3,812,022
Ráiteas ar Ghluaiseacht i mBarrachas Carnach (Easnamh)			
Barrachas (Easnamh) don bhliain		22,328	1,751
Barrachas (Easnamh) ar an 1 Eanáir 2009		(2,844)	(4,595)
Barrachas (Easnamh) ar an 31 Nollaig 2009		19,484	(2,844)

Lasmuigh de Dhímheas ar Shócmhainní Seasta agus Amúchadh a ndéantar déileáil leis tríd an gCuntas Ciste Caipitil, áiríodh gach brabús nó cailteanas aitheanta le teacht ar bhreis an chaiteachais ar ioncam.

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

24 Meitheamh 2010

Tá na polasaithe cuntasáiochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Clár Comhardaithe

Sócmhainní Seasta	Nótaí	2009	2008
		€	€
Sócmhainní Seasta	17	34,795	49,585
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		125,432	135,095
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	16	75,186	77,340
		200,618	212,435
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	15	181,134	215,279
Sócmhainní Glana Reatha			
Sócmhainní Glana Reatha		19,484	(2,844)
Sócmhainní lomlána lúide Dlíteanais Reatha		54,279	46,741
Maoinithe Ag			
Cuntas Ciste Caipitil	18	34,795	49,585
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		19,484	(2,844)
		54,279	46,741

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

24 Meitheamh 2010

Tá na polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Nótaí Maidir Leis na Ráitis Airgeadais

1. Tréimhse an Chuntais

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009.

2. Riarachán

Sholáthair an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiúchán díreach don Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCPRO).

3. Sonraí ar Fhostaithe agus Luach Saothair

Ceithre dhuine dhéag líon iomlán na foirne, mar a bhí faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar an 31 Nollaig 2009. Ba é a bhí ann go fírinneach ná 14 buan, 2 den Fhoireann Sealadach agus 1 ar lasacht. Asbhaineadh tobhaigh pinsin €45,939 agus íocadh leis an Roinn Sláinte agus Leanaí iad. Ba iad costais chomhlána na fostaíochta ná:

3 Sonraí ar Fhostaithe agus Luach Saothair	2009	2008
	€	€
Tuarastail Foirne (Comhlán)	798,797	860,225
ÁSPC Fostóra	56,426	66,667
Foireann ar Chonradh/Sealadach	73,140	36,900
Leasa Aoisliúntais Iníoctha	26,419	0
	954,782	963,792
4 Ioncam Eile	2009	2008
	€	€
Táillí Clárúcháin	49,685	10,432
Ioncam Úis	147	393
Táillí Creidiúnaithe agus Scrúdaithe	69,774	56,579
Ranniocaíochtaí Aoisliúntais	113,465	44,854
Díolachán Lámhleabhar agus DVDanna	108,630	66,147
Comhpháirtíocht Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte	51,115	31,876
Ioncam Teastais	90,365	36,000
An Chéad Fhreagairt Chairdiach - díolaíocht	0	181,746
Táillí Poist agus Pacáistithe	2,963	861
Treoirínte um Chleachtais Chliniciúla - díolaíocht	18,333	0
Ioncam Eile	15,015	0
	519,491	428,888
5 Costais a bhain leis an bhFoireann	2009	2008
	€	€
Taisteal agus Cothabháil Foirne	74,777	92,909
Oiliúint agus Forbairt Foirne	19,793	25,387
Costais Eile Foirne	945	0
	95,515	118,296
6 Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta	2009	2008
	€	€
Cíos agus Costais Oifige	121,244	121,570
Leictreachas (Solas agus Teas)	9,213	11,118
Athchóiriú Oifige	0	38,125
Cothabháil Ghinearálta	5,345	10,482
Glanadh	4,271	4,114
Lónadóireacht / Soláthar Cistine	7,373	11,028
	147,446	196,437

7 Costais Earcaíochta agus na Meáin	2009	2008
	€	€
Na Meáin agus Earcaíocht	8,305	28,198
	8,305	28,198
8 Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta	2009	2008
	€	€
Táillí Dlí	2,915	4,126
Comhairliúchán agus Táillí Proifisiúnta- Ilghnéitheach	4,811	1,827
Táillí Comhairliúcháin - Airgeadas	8,662	5,475
Iniúchadh Inmheánach	5,399	5,808
Táillí Iniúcháireachta	7,520	8,000
Measúnaithe um Chreidiúnú Comhairleach	35,200	0
	64,507	25,236
9 Scrúdaithe agus Costais Eile Gaolmhara	2009	2008
	€	€
Láithreacha an Bhoird Scrúdaithe	4,000	9,165
Anailís Scrúdaithe agus Iasachta	93,844	88,502
Scrúdaitheoirí Seachtracha	73,003	55,341
	170,847	153,008
10 Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta	2009	2008
	€	€
Stáiseanáireacht	13,627	20,394
Teileafón agus Fóin Phóca	23,292	38,694
Postas agus Teachtairí	39,616	34,878
Trealamh Oifige	4,890	7,670
Clódóireacht / Tuarascálacha Bliantúla / Teastais	124,997	34,610
Árachas	3,451	3,559
Gléasanna Cóipeála / Conarthaí Seirbhíse agus rí	9,801	8,204
Seirbhísí Leabharlainne / Faisnéise	9,055	4,737
Ús agus Táillí Bainc	1,710	1,401
Ilnithe	1,495	3,540
Ballraíocht i gComhlachtaí	8,163	8,686
	240,097	166,373
11 Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	2009	2008
	€	€
Bogearraí agus Nithe Forimeallacha	92,016	20,176
Ceadúnais agus Tacaíocht TEC	21,191	24,546
	113,207	44,722

12 Costais Chomhairle/Choiste	2009	2008
	€	€
Baill na Comhairle	28,638	38,690
Gnó na Comhairle	651	11,647
Coiste Creidiúnaithe	3,949	3,315
Coiste Cúraim Chliniciúil	2,674	1,367
Grúpa Comhairleach Míochaine	12,355	3,758
Grúpaí Eile Oibre/Comhairleacha	20,817	41,726
	69,083	100,503
13 EMS T agus F, Tionscadail Speisialta agus Deontais	2009	2008
	€	€
Foras Croí na hÉireann	102,000	113,000
Tionscadal Forbartha Acmhainne - Scannacháin	33,180	15,499
Tionscnamh ePCR	258,488	377,625
Urraíocht Chomhdhála	5,854	54,214
Taighde Spásanailise	120,673	47,383
Cistiúchán Forbartha Ardpharaimhíochaine	389,393	272,096
Comhtháthú Láithreach ar Chúram	160,000	165,350
Tionscadal ACS Ollscoil Luimnigh	237,666	174,660
Céadfheagairt Chairdiach (CC) Breisoiliúnt agus DVD	4,640	160,543
Tionscadal eFhoghlama	75,528	0
Tionscadal CISM Coláiste Náisiúnta na hÉireann Má Nuad	122,274	111,229
Athbhreithniú ar Chaighdeán Traenála	44,894	33,150
Clár um Stad Cairdiach Eis-Ospidéal	126,349	125,000
Clár Breisoiliúna Paraimhíocanóra	105,466	200,000
Comhdháil: Céadfheagairt Chairdiach Le Chéile	0	21,886
Fís-Dhioscanna Traenála Scrúdaitheoirí	0	30,337
Tionscadail Speisialta Ilghnéitheacha	17,069	0
	1,803,474	1,901,972
14 Clár	2009	2008
	€	€
Riarachán – Cártaí Aitheantais, Ceadúnais & rí	91,476	84,529
Éisteacht um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	1,094	28,956
	92,570	113,485
15 Creidiúnaithe	2009	2008
<i>Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin</i>		
	€	€
Táillí Iniúchóireachta	8,000	8,000
Creidiúnaithe Trádála	74,722	35,673
Fabhruithe	98,412	171,606
	181,134	215,279
16 Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	2009	2008
	€	€
Réamhíocaíochtaí	51,510	55,887
Fiachóirí	23,676	21,453
	75,186	77,340

17 Sócmhainní Seasta <i>(don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009)</i>	Trealamh TFC	Trealamh Eile	lomlán
Costas			
Ar an 1 Eanáir 2009	831,072	189,064	1,020,136
Breiseanna sa bhliain	18,330	0	18,330
Ar an 31 Nollaig 2009	849,402	189,064	1,038,466
Dímheas Carntha			
Ar an 1 Eanáir 2009	799,811	170,740	970,551
Muirir don bhliain	23,779	9,341	33,120
Ar an 31 Nollaig 2009	823,590	180,081	1,003,671
Glanluach Leabhair			
Ar an 31 Nollaig 2009	25,812	8,983	34,795
Ar an 31 Nollaig 2008	31,261	18,324	49,585

18 Cuntas Ciste Caipitil <i>(don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009)</i>	2009	2008
	€	€
Iarmhéid Tosaigh ar an 1ú Eanáir	49,585	128,831
Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	18,330	53,052
Lúide:		
Amúchadh ag teacht le dímheas - Nóta 17	(33,120)	(132,298)
Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig	34,795	49,585

19 Táillí agus Costais Ball na Comhairle <i>(don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009)</i>	2009
	€
Michael Brennan	1,568
Michael Dineen	3,858
Conor Egleston	240
Patricia FitzPatrick	561
Zelie Gaffney	1,465
Michael Garry	1,375
Karen Healy	505
Mary McClelland	753
Frank McClintock	4,477
Tom Mooney	1,295
Barry O'Brien	2,006
Cathal O'Donnell	861
Frank O'Malley	2,891
Valerie Small	860
Tom Tinnelly	3,043
Gerry Tuohy	2,880
lomlán	28,638

20 Pacáiste Luach Saothair an Stiúrthóra <i>(don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009)</i>	2009
	€
Buntuarastal Bliantúil – Ráta PO na Státseirbhíse	111,883
Liúntas an Stiúrthóra Míochaine	18,009
Pacáiste Iomlán Luach Saothair	129,892

Ní fhaigheann an Stiúrthóir aon leasa pinsin seachas na teidlíochtaí caighdeánacha faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil.

21 Baill na Comhairle – Nochtadh ar Idirbhearta *(don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009)*

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta ag teacht leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh sainleasa ag baill na Comhairle agus tá cloíte leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Níorbh ann d'aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh aon leas ag baill na Comhairle.

22 Oibligeáidí Léasa *(don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009)*

Tá áitreabh oifige na Comhairle i seilbh faoi léas feidhmiúcháin atá le dul in éag ar an 30 Meán Fómhair 2012, agus cuirtear an cíos bliantúil i leith an chuntais ioncaim agus caiteachais.

23 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais *(don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009)*

Rinne an Chomhairle faomhadh ar na Ráitis Airgeadais ar an 24 Meitheamh 2010.

An Chomhairle Um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal

Teach Mhóta na Mainistreach

Sráid na Mainistreach

Nás na Rí

Co Cill Dara

Éire

T: (045) 882042

F: (045) 882089

R: info@phecc.ie

I: www.phecc.ie